# Tuarascáil Bhord na Móna ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023

Is cuideachta leathstáit tráchtála é Bord na Móna atá ag freastal ar phobail na hÉireann le beagnach 90 bliain. Le deich mbliana anuas, mar thoradh ar ár *Straitéis 'Donn go Glas'*, chuir an eagraíocht tús le haistear suntasach - ón táirgeoir breoslaí iontaise is mó in Éirinn go dtí an chuideachta fuinnimh in-athnuaite agus réiteach aeráide is mó in Éirinn sa lá inniu ann. Cinnteoidh an t-aistriú seo go leanfaidh an chuideachta agus a fostaithe ar aghaidh ag freastal ar phobail Éireannacha, trí thacú le haistriú na hÉireann go dtí todhchaí inbhuanaithe a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de.



Chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim aeráide an lae inniu ann, lena n-áirítear luaineacht an mhargaidh fuinnimh agus saincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair, lean Bord na Móna ar aghaidh le dlús a chur lena straitéis chun bonneagar fuinnimh in-athnuaite a sholáthar a thacóidh le spriocanna dícharbónaithe an Stáit i gcomhair 2023 agus ina dhiaidh sin a chomhlíonadh.

In 2023, chuireamar ár n-aistear 'Donn go Glas' i gcrích agus anois táimid dírithe go hiomlán ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite a sholáthar, fiontair ísealcharbóin a fhorbairt, tailte portaigh a athchóiriú, ceapadh carbóin, caomhnú na bithéagsúlachta agus bainistíocht dramhaíola inbhuanaithe. Faoin mbliain 2024, beidh 99% den leictreachas atá á tháirgeadh ag Bord na Móna ag teacht ó athnuaiteáin, agus tá an chuma ar an scéal go mbeidh an chuideachta ag feidhmiú mar phríomhsholáthraí leictreachais ghlais na hÉireann.

I mbliain airgeadais 2023 (BA23), thuairiscigh Bord na Móna an brabús oibriúcháin is mó riamh, €95.2m, sin méadú ó €78.9m sa bhliain roimhe sin, agus bhí an Brabús i ndiaidh Cánach cothrom le €100.9m. Bhí sé seo bunaithe ar an aistriú tapa a rinneadh chun díriú ar ghníomhaíochtaí ísealcharbóin agus ar an bhfeidhmíocht láidir ar fud ghnó Bhord na Móna, ach go háirithe ar a phunann fuinnimh in-athnuaite a mhéadaigh 35% in BA23 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Sháraigh an bhrabúsacht do BA23 na hionchais de bhrí gur cuireadh 175 meigeavata breise d'fhuinneamh in-athnuaite le punann sócmhainní oibriúcháin Bhord na Móna. Ag tacú leis seo freisin bhí athstruchtúrú suntasach a bhoinn chostais faoin straitéis 'Donn go Glas' agus coinníollacha margaí maithe san earnáil fuinnimh i rith go leor den bhliain airgeadais. In BA23 freisin d'infheistigh Bord na Móna thart ar €100m i bhfuinneamh in-athnuaite agus i mbonneagar athchúrsála.

Ní bheadh an rath seo ar an obair gan ár bhfoireann a bheith a tacú linn. Tá foireann oibre Bhord na Móna, atá ag fás, dírithe ar a mhisean comhroinnte - réitigh aeráide a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais shochaí agus gheilleagar na hÉireann. Tá an fhoireann oibre ag éirí níos éagsúla de réir a chéile, agus tá cultúr ionchuimsitheach ag tacú leis an bhfoireann oibre, cultúr ina spreagtar fostaithe chun páirt a ghlacadh, chun forbairt a dhéanamh agus chun bláthú.

Garsprioc thábhachtach eile inár n-aistear Comhionannais, Éagsúlachta & Ionchuimsithe (CÉ&I) í ár dTuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní. Is éard atá i gceist leis an mbearna phá idir na hinscní an difríocht idir an ráta pá in aghaidh na huaire agus na bónais, ar an meán, a fhaigheann fir i gcomparáid leis an ráta pá in aghaidh na huaire agus na bónais a fhaigheann mná atá fostaithe ar fud Bhord na Móna. Cúis áthais dúinn a thuairisciú go bhfuil ár meánbhearna phá idir na hinscní cothrom le -10.15% agus go bhfuil ár mbearna airmheánach phá idir na hinscní cothrom le -5.18%. Tá na figiúirí seo á gcur i láthair i gcomhthéacs fhoireann oibre fhireann den chuid is mó a bheith againn riamh anall agus is fianaise iad ar ár dtiomantas agus ar ár n-iarrachtaí chun foireann oibre níos éagsúla a fhorbairt, a bhfuil fianaise le fáil air anois inár bhfoireann reatha agus inár sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní.

Mar chuid d'éabhlóid Bhord na Móna mar chuideachta Réiteach Aeráide, leagadh béim ar leith ar eispéireas agus ar rannpháirtíocht fostaithe nuair a bhí an t-aistriú ar bun agus is tosaíocht shuntasach don ghnó é sin fós. Tá sé mar aidhm ag Bord na Móna áit oibre iontach a chruthú agus a chinntiú gur féidir le comhghleacaithe barr a gcumais a bhaint amach. Tá iarracht á déanamh againn cultúr d'ionchuimsiú, de chóimheas agus de dheiseanna comhionanna a chruthú do chomhghleacaithe. Molaimid dár gcomhghleacaithe ar fad aird a thabhairt ar luachanna a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.

Tá Grúpa Stiúrtha CÉ&I bunaithe againn, agus páirteach ann tá roinnt comhghleacaithe as ar fud na cuideachta, a bhfuil príomhról acu i ndáil le tuairimí comhghleacaithe a chur in iúl, eolas maidir le forbairtí leanúnacha na cuideachta a roinnt laistigh den spás CÉ&I go hinmheánach, cur le dearadh, le forbairt agus le cur chur chun feidhme na straitéise CÉ&I i mBord na Móna, agus tacú leis an gcroíchuspóir CÉ&I, “Bí Tú Féin”.

Lean Foireann Ceannaireachta Shinsearach Bhord na Móna le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a leabú sa ghnó, agus a chinntiú go dtagann gach rud a dhéanaimid, agus an tslí a ndéanaimid gach rud, lenár gcuspóirí comhionannais. Tá cúrsaí oiliúna maidir le Ceannaireacht Ionchuimsitheach á gcur ar fáil chun bainisteoirí daoine ar fud ghrúpa Bhord na Móna a uasoiliúint, agus bhí ról lárnach ag CÉ&I inár rannpháirtíocht leis na bhfoireann bainistíochta shinsearach ag ár bhFóraim Cheannaireachta i rith na bliana. Bhí an féilire imeachtaí lán, eagraíodh cláir feasachta éagsúlachta agus seimineáir ghréasáin chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomhionannas agus ar ionchuimsiú i rith Mhí Bhród na nAerach, Feasacht Uathachais agus Lá um Éagsúlacht.

Rinne an struchtúr rialachais dul chun cinn suntasach i rith na bliana freisin - 50:50 fir agus mná ar an mBord Stiúrthóirí.

Mheall Bord na Móna tallann níos éagsúla chuig an eagraíocht trína chláir *Conairí Amach Anseo* do chéimithe agus do phrintísigh. Chomh maith leis sin, sheolamar ár gcéad Acadamh Meantóireachta do mhná, *Tionchar Dearfach*, a sholáthraíonn tacaíocht forbartha agus dul chun cinn do chomhghleacaithe baineanna agus a fheabhsaíonn ár n-iarrachtaí chun tacú le cothromaíocht inscne ag ár leibhéil bhainistíochta san eagraíocht.

# Aguisín: An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2023 Ceanglais Tuairiscithe 2021 (Dáta an roghbhlúire, 30 Meitheamh 2023)

Leagtar amach sa tábla thíos an bhearna phá idir na hinscní, in aghaidh na huaire, thar raon méadrachta mar a cheanglaíonn an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Baineann na sonraí thíos le Fostaithe Phoblacht na hÉireann agus tá siad bunaithe ar an tréimhse 12 mhí go dtí an 30 Meitheamh 2023.

| Gender Pay Gap Requirements | 2023 Percentage | |
|---|---|---|
| Mean Hourly Gender Pay Gap (ALL) | -10.15% | |
| Mean Hourly Gender Pay Gap (Part-Time) | -14.57% | |
| Mean Hourly Gender Pay Gap (Temp Contract) | 56.65% | |
| Median Hourly Gender Pay Gap (ALL) | -5.18% | |
| Median Hourly Gender Pay Gap (Part-Time) | -23.23% | |
| Median Hourly Gender Pay Gap (Temp Contract) | 61.55% | |
| Mean Hourly Performance Related Bonus Gender Pay Gap (ALL) | -29.26% | |
| Median Hourly Performance Related Bonus Gender Pay Gap (ALL) | -14.00% | |
| Percentage of Employees per Gender to receive a performance related bonus remuneration | 37.09% (M) | 38.59% (F) |
| Percentage of employees per gender to receive benefit -in-kind | 7.69% (M) | 10.37% (F) |
| Percentage of employees within lower remuneration quartile | 78.74% (M) | 21.26 % (F) |
| Percentage of employees within lower middle remuneration quartile | 87.39% (M) | 12.61% (F) |
| Percentage of employees within Upper middle remuneration quartile | 86.19% (M) | 13.81% (F) |
| Percentage of employees within Upper remuneration quartile | 75.38% (M) | 24.62% (F) |

The mean is the average point for all female and male employees and the median is the midpoint. Where the result is shown as a plus number, the male rate is higher. Results shown as a minus indicate female rate is higher.